AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.6.2023
COM(2023) 326 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna tabhairt don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 maidir le hathchúrsáil long**

GA GA

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**
**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna tabhairt don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 maidir le hathchúrsáil long**

## 1. RÉAMHRÁ

Le Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hathchúrsáil long([1]) (an Rialachán maidir le hAthchúrsáil Long) leagtar síos rialacha chun tionóiscí, gortuithe agus éifeachtaí díobhálacha eile ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol arb í athchúrsáil long is cúis leo a chosc, a laghdú, a íoslaghdú agus, a mhéid is féidir, deireadh a chur leo. Chuige sin, ceanglaítear leis an Rialachán maidir le hAthchúrsáil Long go háirithe ar longa fardal ábhar guaiseach a iompar ar bord, ó dhátaí éagsúla a leagtar amach in Airteagal 32 den Rialachán agus ag brath ar stádas na loinge.

Leis an Rialachán maidir le hAthchúrsáil Long tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 5(8), d'fhonn '*an liosta ítimí ar fhardal na n-ábhar guaiseach atá in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a thabhairt cothrom le dáta lena áirithiú go mbeidh ar a laghad na substaintí a liostaítear in Aguisín 1 agus in Aguisín 2 den Choinbhinsiún Hong Cong san áireamh ar an liosta*'. Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 5(8) freisin; '*glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe eile maidir le gach substaint a bheidh le cur isteach in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II nó le scrios uathu*.'

## 2. BUNÚS DLÍ

Tá gá leis an tuarascáil seo faoi Airteagal 24(2) den Rialachán maidir le hAthchúrsáil Long. Faoin Airteagal sin, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana ón 30 Nollaig 2013. Ceanglaítear ar an gCoimisiún freisin tuarascáil a ullmhú maidir le cumhachtaí tarmligthe, 9 mí ar a dhéanaí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana. I gcomhréir le hAirteagal 24(2), déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh fadú den sórt sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

## 3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Eisíodh an chéad tuarascáil an 22 Márta 2018[2]. Le linn na tréimhse a cumhdaíodh leis an tuarascáil seo, níor bhain an Coimisiún úsáid as an gcumhacht tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 5(8). Is amhlaidh atá toisc nár tháinig Coinbhinsiún Hong Cong, a bhfuil an tAontas ina Pháirtí ann agus a chuirtear chun feidhme leis an

[1] *IO L 330, 10.12.2013, lgh. 1–20.*
[2] *COM(2018) 145 final*

Rialachán maidir le hAthchúrsáil Long laistigh de dhlíchóras an Aontais, i bhfeidhm go fóill. Dá bhrí sin, ní féidir a bhfuil ann a athbhreithniú go fóill agus ní féidir substaintí breise a chur lena Fhoscríbhinní. Ós rud é go n-áirítear faoi láthair sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán maidir le hAthchúrsáil Long gach substaint a liostaítear i bhFoscríbhinní Choinbhinsiún Hong Cong, níl aon ghá le gníomhartha tarmligthe.